

*Cosantóir:* Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (ionadaithe: N. Lamsters agus E. Markakis, Gníomhairí)

*Páirtí eile sna himeachtaí os chomhair an Bhoird Achomhairc de EUIPO, idiragraí os comhair na Cúirte Ginearálta:* Nube, SL (Ibiza, an Spáinn) (ionadaithe: J. Gracia Albero agus R. Ahijón Lana, Dlíodóirí)

### Ábhar

Leis an gcaingean de bhonn Airteagal 263 CFAE, iarrann an t-iarratasóir go gcuirfí cinneadh ón gCúigiú Bord Achomhairc de EUIPO an 2 Meitheamh 2021 (Cás R 1220/2020-5) ar ceal.

### An chuid oibríochtúil

1. Diúltaítear don chaingean;
2. Ordaítear do DBM Videovertrieb GmbH na costais a íoc.

<sup>(1)</sup> IO C 382, 20.9.2021.

---

### Breithiúnas na Cúirte Ginearálta an 5 Deireadh Fómhair 2022 – Philip Morris Products v EUIPO (TOGETHER. FORWARD.)

(Cás T-500/21) <sup>(1)</sup>

*(Trádmharc de chuid an Aontais – Iarratas ar fhocalmharc de chuid an Aontais TOGETHER. FORWARD. – Dearbhfhoras le diúltú – Easpa saincháilíochta – Airteagal 7(1)(b) de Rialachán (AE) 2017/1001)*

(2022/C 472/45)

Teanga an cháis: an Béarla

### Páirtithe

*Iarratasóir:* Philip Morris Products SA (Neuchâtel, an Eilvéis) (ionadaí: L. Alonso Domingo, Dlíodóir)

*Cosantóir:* Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (ionadaithe: E. Nicolás Gómez, M. Eberl agus D. Hanf, i gcáil Gníomhairí)

### Ábhar

Leis an gcaingean ar bhonn Airteagal 263 CFAE, iarrann an t-iarratasóir go gcuirfí cinneadh an Chúigiú Bord Achomhairc de EUIPO an 2 Meitheamh 2021 (Cás R 417/2021-5) ar neamhní.

### An chuid oibríochtúil

1. Diúltaítear don chaingean;
2. Ordaítear do Philip Morris Products SA na costais a íoc.

<sup>(1)</sup> IO 2021 C 391.